# Airdí Cuain

Dá mbeinn féin in Airdí Cuain,
‘N aice an tsléibhe úd ‘tá i bhfad uaim,
B’annamh liom gan a dul ar cuairt,
Go gleann na gCuach Dé Domhnaigh.

Cúrfa:
**Agus och, och Éire ‘lig is ó,**
**Éire lonndubh agus ó,**
**‘S é mo chroí ‘tá trom agus brónach.**

Is iomaí Nollaig a bhí mé féin,
‘ mbun abhann a’ Doinne is mé gan chéill,
Ag iomáin ar an trá bháin,
‘S mo chamán bán i mo dhorn liom.

Cúrfa

Nach tuirseach mise anseo liom féin,
Nach n-airím guth coiligh, londubh nó traon,
Gealbhán, smaolach, naoscach féin,
Is chan aithním féin an Domhnach.

Cúrfa

Dá mbeadh agam coit is rámh,
D’iomarfainn leis a’ tsnámh,
Dúil as Dia go sroichfinn slán,
Is go bhfaighinnse bás in Éirinn.

“To inspire, support and challenge all our Children and Young People to be the best that they can be.”

Education Authority
1 Hospital Road, Omagh, Co Tyrone, BT79 0AW
T: +44 (0)28 8241 1411 F: +44 (0)28 8241 1400 Textphone: +44 (0)28 8241 1550 W: www.eani.org.uk